



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

Lucsamburg, 19 Meitheamh 2017
(OR. en)

10197/17

MOG 42
CFSP/PESC 514
IRAQ 5

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	19 Meitheamh 2017
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	10196/17 MOG 41 CFSP/PESC 513 IRAQ 4
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Iaráic - Conclúidí ón gComhairle (19 Meitheamh 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn atá i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Iaráic, a ghlac an Chomhairle ag an 3551ú cruinniú a bhí aici, ar an 19 Meitheamh 2017.

CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN IARÁIC

An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 19 Meitheamh 2017

1. Molann an tAontas go hard rialtas Phríomh-aire al-Abadi na hIaráice agus fórsaí slándála na hIaráice as an ngluaiseacht shuntasach chun tosaigh atá déanta acu san fheachtas míleata i gcoinne Da'esh le míonna anuas. Buaicphointe na gluaiseachta sin chun tosaigh ab ea saoradh fhormhór chathair Mhosul, rud a bhí ina chonstaic mhór go dtí seo roimh buachan ar Da'esh san Iaráic agus an tír a ghlacadh ar ais uathu. Leagann an tAontas béim ar an méid atá déanta ag an gComhghuaillíocht Dhomhanda i dtaobh tacú le rialtas na hIaráice san fheachtas i gcoinne Da'esh agus tá sé iomlán tiomanta go fóill do rannpháirtíocht chuimsitheach na Comhghuaillíochta Domhanda, lena n-áirítear sa chomhrac i gcoinne an antoisceachais fhoréignigh agus na sceimhlitheoireachta, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Aithníonn an tAontas na hiobairtí atá déanta ag muintir na hIaráice san fheachtas chun an bua a fháil ar Da'esh. Molann an tAontas na hiarrachtaí atá déanta ag rialtas na hIaráice chun sibhialtaigh a chosaint le linn an fheachtais mhíleata agus iarrann sé ar fhórsaí slándála na hIaráice cosaint na sibhialtach a choinneáil i gcroílár an fheachtais mhíleata ar fud na hIaráice. Cáineann an tAontas ar an mbealach is láidre brúidiúlacht leanúnach Da'esh agus na sáruithe scannalacha atá á ndéanamh acu ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear ionsaithe gan chúis, maruithe agus foiréigean gnéasach a bhaineann leis an gcoinbhleacht. Tá an tAontas an-bhuartha freisin faoi na líomhaintí go bhfuil cearta an duine á sárú ag fórsaí na hIaráice. Is díol sásaimh dó na gealltanais a rinne Rialtas Cónaidhme na hIaráice agus Rialtas Réigiúnach na Cordastáine gach líomhain a imscrúdú go pras, agus iarrann sé orthu iad siúd atá freagrach as na sáruithe sin a thabhairt chun cuntais.

2. Ar uair seo na cinniúna i stair na hIaráice, athdhearbhaíonn an tAontas a thacaíocht dhaingean d'aontacht, do cheannasacht agus do shláine críche na hIaráice agus a thiomantas gníomhach do chaomhnú shochaí na hIaráice mar atá sí, is é sin il-eitneach, ilchreidimh agus il-eaglasta agus leis sin do chosaint a grúpaí mionlaigh. D'fhonn go mbainfear amach an cuspóir i dtaca le fíis chomhchoiteann a chothú maidir le todhchaí na tíre, is den rithábhacht anois go ngabhfadh muintir na hIaráice le próiseas cuimsitheach athmhuintearais ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil araon. Is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag ceannairí polaitiúla na hIaráice an t-athchóiriú polaitiúil agus an t-athmhuintearas a chur chun cinn agus tathantaíonn sé ar na páirtithe uile leanúint den dul chun cinn i dtreo an athmhuintearais náisiúnta de mheon na tuisceana frithpháirtí agus an chomhghéillte. Is den bharrthábhacht chuige sin tacaíocht leanúnach agus fhadtéarmach an phobail idirnáisiúnta. Ba cheart an t-oideachas, lena gcuirtear oscailteacht don éagsúlacht chun cinn, a spreagadh chomh maith.
3. Creideann an tAontas gur chun leasa mhuintir na hIaráice i gcoitinne an t-idirphlé agus an comhar, nach mór céimeanna aontaobhacha a sheachaint, agus nach mór teacht ar réitigh, trí sheasaimh na comhthola bunaithe ar chur i bhfeidhm iomlán fhorálacha bhunreacht na hIaráice, i dtaca leis na ceisteanna uile sin atá fós gan réiteach. Iarrann an tAontas ar Rialtas Cónaidhme na hIaráice agus ar Rialtas Réigiúnach na Cordastáine cur leis an gcomhar rathúil slándála a bhí eatarthu san fheachtas chun Mosul a shaoradh agus dul i mbun idirphlé cuiditheach maidir le gach saincheist as gach réimse polaitiúil agus eacnamaíoch, lena n-áirítear na teorainneacha inmheánacha atá faoi dhiospóid. Tathantaíonn an tAontas ar na páirtithe uile i réigiún sin na Cordastáine den Iaráic freisin iarracht a dhéanamh teacht ar chomhthuiscint agus feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha sa réigiún a athbhunú, lena n-áirítear trí thoghchán réigiúnacha a reáchtáil.
4. Creideann an tAontas go bhfuil sé riachtanach go ndéanfaidh rialtas na hIaráice dul chun cinn nithiúil i dtaca le hathchóirithe polaitiúla le gur féidir athmhuintearas iomlán náisiúnta a dhéanamh bunaithe ar cheartas agus ar chuntasacht, ar phrionsabail an daonlathais fheidhmiúil, ar an smacht reachta, ar urraim do chearta an duine agus ar fhíor-rannpháirtíocht na sochaí sibhialta. Iarrann an Chomhairle go gcuirfí Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hIaráice maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil chun feidhme go gasta. Is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí atá déanta ag rialtas an hIaráice i dtaca le hathchóirithe agus tacaíonn sé leis na hiarrachtaí sin agus iarrann sé ar gach príomhpholaiteoir san Iaráic tús áite a thabhairt don leas náisiúnta agus tacú leis an rialtas ina chuid iarrachtaí athchóirithe, athmhuintearais agus cobhsaíochta, lena n-áirítear sa tréimhse roimh na toghcháin pharlaiminte agus chúige a bheidh ann an bhliain seo chugainn agus a bhfuiltear ag súil go reáchtálfar ar bhealach trédhearcach iad agus go gcloífidh siad le caighdeán dhaonlathacha. Ní mór mná, daoine óga agus mionlaigh a chuimsiú i ngach próiseas.

5. Cuireann an tAontas in iúl freisin go bhfuil an-imní air faoin staid dhaonnúil agus aithníonn sé na hiarrachtaí suntasacha atá déanta ag údaráis uile na hIaráice, ag na Náisiúin Aontaithe agus ag comhpháirtithe idirnáisiúnta eile i dtaca le fóirithint agus cabhair dhaonnúil a thabhairt dóibh siúd a easáitíodh mar gheall ar an gcoinbhleacht nó atá thíos léi. Athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá sé go n-áiritheodh na páirtithe uile atá sa choinbhleacht cosaint na sibhialtach agus go gcomhlíonfaidís an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí um chearta an duine le linn na cogaíochta agus, más infheidhme, ina diaidh. Cuireann an tAontas béim freisin ar a phráinní atá sé rochtain dhaonnúil shábháilte gan bhac a áirithiú i ngach áit, chomh maith le cosaint na sibhialtach atá ag teitheadh ón gcogaíocht, cúram leighis éigeandála tarrthála agus aslonnú na ndaoine gonta ag an gcogadh agus filleadh gan bhac na ndaoine sin a easáitíodh ina dtír féin a luaithe agus a bheidh sé sábháilte dóibh filleadh ar an mbaile. Tá gá le tacaíocht neartaithe do riachtanais ar leith na ndaoine sin a tháinig ófhoréigean gnéasach agus inscne agus ó fhoiréigean gnéasach a bhaineann leis an gcoinbhleacht. Is den rithábhacht go n-áiritheodh údaráis uile na hIaráice go gcomhlíonfaidh nósanna imeachta an scagtha slándála an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus go mbeidh na campaí i gcónaí daonnúil agus freastal á dhéanamh acu ar shibhialtaigh. I bhfianaise na bearna atá i maoiniú phlean na Náisiúin Aontaithe don fhreagairt dhaonnúil, cuireann an tAontas béim ar an bhfíor-ghá atá ann go gcuirfeadh an pobal idirnáisiúnta iomlán dlús lena thacaíocht dhaonnúil agus riachtanais san Iaráic ina hiomláine á gcur san áireamh. Bhí an tAontas agus a chuid Ballstát ar cheann an róid i dtaca leis an bhfreagairt dhaonnúil idirnáisiúnta agus leanfaidh siad de dhlúthpháirtíocht a léiriú le muintir na hIaráice trí chabhair dhaonnúil a thabhairt dóibh siúd is mó atá ina gátar agus de réir prionsabal daonnúil.

6. D'fhonn cobhsaíocht fhadtéarma na hIaráice a áirithiú, creideann an tAontas gur den rithábhacht go gcuirfeadh Rialtas agus ceannairí polaitiúla na hIaráice chun cinn, agus go dtacóidís le, próiseas don cheartas idirthréimhseach. Ní mór a áireamh sa phróiseas sin bearta chun Da'esh a thabhairt os comhair cúirte agus cuntasacht a áirithiú as sáruithe agus drochúsáidí i ndáil le cearta an duine, lena n-áirítear coireanna cogaidh, coireanna i gcoinne an chine dhaonna agus cinédhíothú, mar aon le gníomhartha ina gcoinne siúd ar de mhionlaigh dóibh. Ní mór fianaise ar na coireanna sin a chaomhnú agus na sáruithe sin a dhoiciméadú. Tá an tAontas Eorpach agus a chuid Ballstát faoi réir le tacú le Rialtas na hIaráice sa phróiseas seo. I ndáil leis an méid sin, is ceist í ceist sin na dtrodairí eachtracha sceimhlitheoireachta, go háirithe an chuid sin díobh a fhilleann ar an mbaile, a bhfuil aird ar leith fós dlite di. Is den riachtanas go fóill an comhar, agus comhroinnt na faisnéise leo siúd lena mbaineann, ar shlí nach sáraíonn an dlí agus a dhéantar trí bhíthin na mbealaí iomchuí. Iarrann an tAontas ar an Iaráic an athuair aontú le Reacht na Róimhe ón gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. Iarrann an tAontas freisin ar údaráis na hIaráice a ráthú go mbeidh ann próiseas trédhearcach maidir le héilimh dhlíthiúla lenar féidir maoin a cailleadh a thabhairt ar ais dá n-úinéirí dlisteanacha. I dtaca le leanaí ar earcaigh grúpaí armtha iad, is mian leis an Aontas béim a chur an athuair ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh ann cláir cur chun feidhme d'fhonn díshlógadh a dhéanamh ar na leanaí sin, oideachas a chur orthu, agus iad a imeascadh arís. Tugann sí dá haire go mbíonn gá i gcónaí ag leanaí ar íospartaigh iad le tacaíocht institiúideach agus shóisialta, mar aon le tacaíocht ón bpobal. Ní bheidh aon ghlacadh ag an Aontas le pionós an bháis in aon chor. Iarrann sé ar Rialtas Cónaidhme na hIaráice *moratorium* a thabhairt isteach ar bhásuithe agus iarrann sé ar Rialtas Réigiúnach na Cordastáine an *moratorium* a bhí i bhfeidhm ansiúd a chur i bhfeidhm arís d'fhonn pionós an bháis a dhíothú ar fad.
7. Is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí atá ar siúl ag Rialtas na hIaráice a chuid ceanglas faoin Socrú Teannta leis an CAI a chomhlíonadh. Cuireann an tAontas i bhfíos go láidir go bhfuil géarghá le hathchóirithe airgeadais agus eacnamaíocha más ón Iaráic tabhairt faoin téarnamh eacnamaíoch, faoin atógáil, agus faoin bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch inbhuanaithe. Tá an tAontas sásta leanúint dá rannchuidiú i dtaca le hathnuachan eacnamaíoch na hIaráice, agus tacaíonn sí go gníomhach le hiarrachtaí na n-údarás san Iaráic feabhas a chur ar na seirbhísí poiblí, an rialachas cuimsitheach a threisiú, an t-éilliú a chomhrac, agus a áirithiú go mbeidh an ceart céanna le fáil ag cách san Iaráic gan beann ar eitneacht, inscne, reiligiún nó creideamh, i gcomhréir le Bunreacht na hIaráice. Is mian leis an Aontas a thathant ar údaráis na hIaráice dlús a chur lena gcuid athchóirithe eacnamaíocha agus airgeadais. Tá an tAontas sásta seasamh leis an Iaráic, i ndlúthchomhar le CAI agus leis an mBanc Domhanda, chun na leasuithe riachtanacha cur chun feidhme a neartú agus chun an gilleagar a éagsúlú, rud a bhéarfaidh go mbeidh ann deiseanna níos fearr chun cruthú na fostaíochta a chur chun cinn, lena n-áirítear poist do dhaoine óga, chun iad siúd a easáitíodh a thabhairt ar ais, chun cuidiú le cobhsú na bpobal áitiúil, agus chun an teacht aniar a mhéadú. Is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí atá ar siúl ag BEI agus ag an Iaráic féin chun bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht maidir le creatchomhaontú a d'éascódh iasacht fhadtéarmach airgid a thacódh leis an Iaráic. Tacaíonn an tAontas go mór agus go fóill leis an sainordú atá ag na Náisiúin Aontaithe san Iaráic.

8. Is mian leis an Aontas béim a leagan ar thábhacht na slándála agus an smachta reachta don chobhsaíocht sna limistéir sin atá faoi shaoirse agus san Iaráic trí chéile. Tá sé fíor-riachtanach go bhfeabhsódh na gníomhaireachtaí slándála a gcaidreamh leis an daonra sibhialtach. Chun na críche sin, tá tacaíocht á tabhairt cheana féin ag an Aontas agus na Ballstáit don Iaráic in earnáil na slándála, lena n-áirítear oiliúint póilíní agus tacaíocht do na struchtúir frithsceimhlitheoireachta agus do na gníomhaireachtaí eolais, mar aon leis an oiliúint mhíleata atá á cur ar fáil go déthaobhach ag roinnt de na Ballstáit. Féachfaidh an tAontas leis an gcomhchuibheas a bheith idir é féin agus na comhpháirtithe idirnáisiúnta eile ionas gur fearrde a fhónamh d'Údaráis na hIaráice. Mar fhreagra ar an iarraidh ó údaráis na hIaráice, tá a mharana á dhéanamh ag an Aontas maidir le Foireann Chomhairle agus Chúnamh um Athchóiriú na hEarnála Slándála a imlonnú chun cuidiú leis an athchóiriú sin, i gcomhar agus i gcomhchuibheas le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile.
9. Go dtí seo, tá 1.8 milliún díobh siúd a easáitíodh tar éis filleadh ar limistéir a saoradh. Is díol sásaimh don Aontas an t-éacht tábhachtach seo. I dtaca le cobhsaíocht fhadtéarma na hIaráice, measann an tAontas gur den riachtanas go ndéanfaí cobhsú ar na limistéir sin a saoradh, go dtabharfaí ar ais ar bhealach sábháilte, eolasach, deonach, neamh-idirdhealaitheach na daoine sin a easáitíodh ina dtír féin (IDPanna) mar aon le teifigh, agus go ndéanfaí sin i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta chosanta. Ní mór gurb í an Iaráic féin a bheidh ar cheann an róid san obair sin ar son na cobhsaíochta, ach go mbeadh tacaíocht le fáil aici ón gcomhphobal idirnáisiúnta, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe, agus go ndéanfaí an t-iomlán a chomhordú. Dá réir sin, iarrann an tAontas ar rialtas na hIaráice, trí idirphlé leis na gníomhaithe ábhartha uile, agus aird á tabhairt ar leasanna na bpobal atá buailte, lena n-áirítear mionlaigh amhail, go háirithe, na hIasáidigh, na Críostaithe agus na Tuircméanastánaigh, ar mhaithe le slándáil éifeachtach a áirithiú, rialachas cuimsitheach agus soláthar seirbhísí bunúsacha sna limistéir atá faoi shaoirse ionas go mbeifear in ann iad siúd a easáitíodh ina dtír féin a thabhairt ar ais abhaile, agus seasamh go héifeachtúil i gcoinne aon iarrachtaí innealtóireacht dhéimeagrafach a dhéanamh. Beidh na bearta sin ina gcomhlánú ar na hiarrachtaí atá ar siúl chun seirbhísí bunúsacha agus slí bheatha na ndaoine a athbhunú, lena n-áirítear iarrachtaí Shaoráid Cistiúcháin Chlár Forbartha na Náisiún Aontaithe. Má éiríonn le hiarrachtaí den chineál sin, cuirfear ar chumas na nIaráicach filleadh agus fanacht sa bhaile rud a laghdóidh a eascaíonn as an easáitiú ar na tíortha comharsanachta. Iarrann an tAontas ar Rialtas na hIaráice tuilleadh den chomhar a dhéanamh le chéile maidir le héascú a dhéanamh filleadh díniteach, sábháilte, ordúil do náisiúnaigh de chuid na hIaráice ar a dtír dhúchais i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí um chearta an duine, agus le gealltanais na hIaráice mar a cuireadh sin in iúl sa Chomhaontú um Chomhpháirtíocht agus um Chomhar. Ina theannta sin, molann an Chomhairle don Choimisiún agus don Ardionadaí leanúint den mhalartú leanúnach atá ar siúl le Rialtas Cónaidhme na hIaráice agus go gcumhdófaí ann, go comhthairbheach agus go comhpháirteach, an imirce gona gnéithe uile.

10. Tá an tAontas agus a chuid Ballstát i measc na ndeontóirí is mó sa phróiseas cobhsaíochta agus réidh le dlús a chur lena gcuid tacaíochta. Glacann an tAontas páirt ghníomhach i gcomhordú iarrachtaí cobhsúcháin na Comhghuaillíochta Domhanda, lena n-áirítear ról an Aontais mar chomhordaitheoir téamach ar Mhaolú Guaise Pléascaí.
11. Is díol sásaimh don Aontas an rannpháirtíocht taidhleoireachta a rinne an Iaráic lena comharsana le déanaí. Is mian leis an Aontas a thathant ar gach tír sa réigiún na hiarrachtaí sin a choinneáil ar bun, chun tacú le haontacht, ceannasacht agus sláine chríochach na hIaráice, agus chun ról cuiditheach a imirt mar thacaíocht chun tacú le cobhsaíocht agus athmhuintearas san Iaráic agus sa réigiún máguaird. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an comhar feabhsaithe eacnamaíoch sa réigiún don rathúnas san Iaráic agus sna tíortha máguaird.
12. De bhreis ar an Straitéis Réigiúnach don tSiria agus don Iaráic, agus i bhfianaise na bagartha ó Da'esh, tá an tAontas Eorpach lántiomanta i gcónaí do thacú leis an Iaráic agus í ag téarnamh ón ngéarchéim reatha, go háirithe trí chur chun feidhme an Chomhaontaithe um Chomhpháirtíocht agus um Chomhar leis an Iaráic ach a ndaingneofar sin go hiomlán, lena n-áirítear comhar maidir leis an daonlathas agus cearta an duine, trádáil agus infheistíocht, agus gach gné dá mbaineann leis an imirce.
13. Ar bhonn na gConclúidí seo, iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún Eorpach gnéithe a thíolacadh, in am agus i dtráth, le haghaidh straitéis ón Aontas don chaidreamh leis an Iaráic.
-